



Cinneadh Uimh 041-2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (FRAE)

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA,

- AG FÉACHAINT d'Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,
- AG FÉACHAINT d'Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- AG FÉACHAINT d'Airteagal 257 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais,
- AG FÉACHAINT d'Airteagal 1(6) de na rialacha maidir le Rialacha Nós Imeachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (Cinneadh Uimh 21-2021 ón gCúirt Iniúchóirí) a chur chun feidhme,
- AG FÉACHAINT do na rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe Aontais a chosaint ar faisnéis í a bhaineann le hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE,
- AG FÉACHAINT do bheartas Chúirt Iniúchóirí na hEorpa um shlándáil faisnéise (DEC 127/15 FINAL) agus dá beartas um rúnaicmiú faisnéise (Fógra Foirne 123/230),
- DE BHRÍ go bhfuil ceart rochtana ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, de bhun Airteagal 287(3) CFAE, ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá riachtanach, ina tuairim, chun a sainordú a chomhall, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE), ar sainordú é atá le comhall i lánchomhlíonadh phrionsabal an chomhair dhílis i measc na n-institiúidí agus phrionsabal na tabhartha; nach bhféadfadh tionscnóir FRAE amhras a tharraingt ar an gceart rochtana ar FRAE arna ráthú ag CFAE, de bhrí go bhféadfaí a iarraidh ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bearta slándála áirithe a chur ar bun agus a urramú, a shonraítear a thuilleadh anseo;
- DE BHRÍ go bhfuil Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus a cuid oifigeach agus a foireann thairis sin faoi cheangal, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil fiú, ag oibleagáid rúndachta faoi Airteagal 339 CFAE, Airteagal 17 de na Rialacha Foirne agus gníomhartha a glacadh dá mbun;
- DE BHRÍ go gceanglaítear comhlíonadh na hoibleagáide rúndachta a áirithiú agus FRAE á láimhseáil, ag cur san áireamh a íogaire atá sé, trí bhíthin bearta slándála iomchuí a ráthódh leibhéal ard cosanta maidir leis an bhfaisnéis sin agus atá coibhéseach leo siúd a bunaíodh leis na rialacha atá glactha ag institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Aontais maidir le cosaint FRAE, agus ar an tuiscint i gcás ina mbreithneodh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa nach bhfuil

bonn cirt leis na bearta slándála sin i bhfianaise nádúr agus chineál an FRAE, go gcoimeádann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an ceart chun aon bharúlacha a mheasann sí a bheith iomchuí a thógáil, ach fós go n-urramófaí leibhéal rúnaicmithe FRAE;

DE BHRÍ go gcaithfidh bearta slándála chun cosaint a dhéanamh ar rúndacht, sláine agus infhaighteacht faisnéise a chuirtear in iúl do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a bheith iomchuí maidir le nádúr agus cineál na faisnéise atá i gceist;

DE BHRÍ go gcaithfear rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe, i gcomhréir leis an bprionsabal 'ar bhonn riachtanais eolais', a sholáthar do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun na cúraimí a dhéanamh a leagtar orthu leis na Conarthaí agus le gníomhartha dlí a glacadh ar bhonn na gConarthaí;

DE BHRÍ go bhfuil sé iomchuí nós imeachta speisialta a bhunú maidir le doiciméid a bhfuil FRAE iontu a bheith á láimhseáil ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag cur san áireamh nádúr agus íogaire faisnéise áirithe;

DE BHRÍ go gcaithfidh an institiúid a áirithiú go ndéantar an Cinneadh seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha uile is infheidhme, na forálacha maidir le sonraí pearsanta, slándáil fhisiciúil daoine, foirgneamh agus TF a chosaint, agus rochtain phoiblí ar dhoiciméid, go háirithe;

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Airteagal 1. Ábhar agus raon feidhme

- (1) Leagtar síos leis an gCinneadh seo na bunphrionsabail agus na híoschaighdeáin slándála chun faisnéis rúnaicmithe a bhíonn á láimhseáil ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, i bhfeidhmiú a sainordaithe, a chosaint.
- (2) Chun críocha an Chinnidh seo, ciallóidh faisnéis rúnaicmithe ceann ar bith de na cineálacha faisnéise seo a leanas nó iad uile:
 - (a) 'faisnéis rúnaicmithe AE' (FRAE) mar a shainmhínítear i rialacha slándála institiúidí, gníomhaireachtaí, comhlachtaí nó oifigí eile Aontais í, agus a bhfuil ceann de na marcálacha rúnaicmithe slándála a leanas uirthi:
 - TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET: faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdraithe a bheith ina chúis le dochar fíor-thromchúiseach do leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó;
 - SECRET UE/EU SECRET: faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdraithe dochar tromchúiseach a dhéanamh do leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó;
 - CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL: faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdraithe dochar a dhéanamh do leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó;
 - RESTREINT UE/EU RESTRICTED: faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdraithe míbhuntáistí a chruthú do leasanna an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó.

- (b) faisnéis rúnaicmithe arna soláthar ag Ballstáit agus a bhfuil marcáil faisnéise rúnaicmithe náisiúnta uirthi atá coibhéseach le ceann de na marcálacha rúnaicmithe slándála FRAE¹ a liostaíodh i bpointe (a);
- (c) faisnéis rúnaicmithe a sholáthair tríú Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus a bhfuil marcáil faisnéise rúnaicmithe uirthi atá coibhéseach le ceann de na marcálacha rúnaicmithe slándála FRAE a liostaíodh i bpointe (a), i gcomhréir leis na comhaontuithe maidir le slándáil faisnéise nó socruithe riaracháin ábhartha.
- (3) Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faisnéis ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil ina háitreabh agus na bearta cosantacha uile is gá a ghlacadh chuige sin. Maidir le foireann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a mbeidh gá acu le rochtain ar FRAE ar leibhéal níos airde, déanfar na socruithe sin dóibh in áitribh oiriúnacha in institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile Aontais.
- (4) Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le ranna riaracháin agus áitribh uile Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- (5) Seachas i gcás foráil a bhaineann le grúpaí sonracha foirne, beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, foireann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chumhdaítear le Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh², saeolaithe náisiúnta ar iasacht (SNIInna) ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, soláthraithe seirbhísí agus a bhfoireann, oiliúnaithe agus aon daoine a mbeidh rochtain acu ar fhoirgnimh agus réadmhaoin eile Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó ar fhaisnéis eile a bhíonn á bainistiú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- (6) Beidh feidhm ag na forálacha maidir le FRAE ar bhealach coibhéseach i dtaca leis an bhfaisnéis rúnaicmithe dá dtagraítear i mír 2(b) agus (c) den Airteagal seo, mura sonraítear a mhalairt.

Airteagal 2. Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo:

- (a) ciallaíonn ‘údarú i gcomhair rochtain ar FRAE’ cinneadh a ghlac Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bunaithe ar dhearbhu a thug údarás inniúil Ballstáit go bhféadfaí oifigeach de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ball foirne eile nó SNI a údarú chun rochtain a fháil ar FRAE suas go leibhéal rúnaicmithe ar leith (CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde) agus go dtí dáta ar leith, ar choinníoll gur bunaíodh bonn riachtanais eolais an duine lena mbaineann agus gur cuireadh ar an eolas go hiomchuí é maidir lena chuid freagrachtaí; beidh ‘údarú slándála’ ansin ag an duine lena mbaineann;
- (b) ciallaíonn ‘rúnaicmiú’ leibhéal rúnaicmithe a shannadh d’fhaisnéis bunaithe ar an gcéim dochair a bhféadfadh nochtadh neamhúdaraith na faisnéise a dhéanamh;
- (c) ciallaíonn ‘ábhar cripteagrafach’ algartaim chripteagrafacha, modúil chrua-earraí agus bhogearraí chripteagrafacha, agus táirgí lena n-áirítear sonraí cuir chun feidhme agus doiciméadacht ghaolmhar, chomh maith le hábhar eochraithe;

¹ Féach an Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh an 4 Bealtaine 2011 agus a larscríbhinn ([IO 2011/C 202/13](https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/181/2011-05-04)).

² Rialachán Uimh 31 (CEE), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile, arna leasú, IO 01962R0031-01.01.2020-019.003-1 ([https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/1962/31\(1\)/2020-01-01](https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/1962/31/1/2020-01-01)).

- (d) ciallaíonn ‘scaoileadh ó rúnaicmiú’ aon rúnaicmiú slándála a bhaint;
- (e) ciallaíonn ‘doiciméad’ aon fhaisnéis thaifeadta, is cuma cén fhoirm atá uirthi nó cé na saintréithe fisiciúla a bhaineann léi;
- (f) ciallaíonn ‘íosghrádú’ an leibhéal rúnaicmithe slándála a laghdú;
- (g) ciallaíonn ‘Imréiteach Slándála Saoráide’ cinneadh riaracháin a dhéanann údarás slándála inniúil go dtugann saoráid leibhéal leordhóthanach cosanta, ó thaobh dhearcadh na slándála de, i gcás FRAE a mbaineann leibhéal rúnaicmithe slándála ar leith leis;
- (h) ciallaíonn FRAE ‘a láimhseáil’ na gníomhaíochtaí uile a bhféadfadh FRAE a bheith faoina réir i gcaitheamh a shaolré: cruthú, clárú, próiseáil, iompar, íosghrádú, scaoileadh ó rúnaicmiú, agus díothú. Cuimsíonn sé freisin, i ndáil le Córais Chumarsáide agus Faisnéise, é a bheith á bhailiú, á chur ar taispeáint, á tharchur agus á stóráil;
- (i) ciallaíonn ‘sealbhóir’ duine atá údaraithe go cuí ar bunaíodh bonn riachtanais eolais a bheith aige agus a bhfuil faisnéis rúnaicmithe ina sheilbh agus atá, dá bhrí sin, freagrach as í a chosaint;
- (j) ciallaíonn ‘údarás um shlándáil faisnéise’ oifigeach um shlándáil faisnéise de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a d’fhéadfadh na cúraimí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a tharmligean, go hiomlán nó i bpáirt;
- (k) ciallaíonn ‘faisnéis’ aon fhaisnéis i scríbhinn nó ó bhéal, is cuma cén meán ina bhfuil sí nó cé hé nó cé hí an t-údar;
- (l) ciallaíonn ‘ábhar’ aon mheán, aon iompróir sonraí nó aon mhír innealra nó trealaimh;
- (m) ciallaíonn ‘tionscnóir’ institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht Aontais, Ballstát, tríú Stát nó eagraíocht idirnáisiúnta ar faoina húdarás a cruthaíodh agus/nó a tionscnaíodh faisnéis i struchtúir an Aontais Eorpaigh;
- (n) ciallaíonn ‘Imréiteach Slándála Pearsanra’ (PSC) ráiteas ó údarás inniúil Ballstáit a dhéantar tar éis d’údarás inniúla Ballstáit grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích a dheimhníonn go bhféadfar rochtain ar FRAE a thabhairt do dhuine aonair go dtí dáta sonraíthe, ar leibhéal a shonraítear (CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde), ar choinníoll gur cinneadh bonn riachtanais eolais an duine sin agus gur cuireadh ar an eolas go hionchuí é maidir lena fhreagrachtaí;
- (o) ciallaíonn ‘Deimhniú ar Imréiteach Slándála Pearsanra’ (PSCC) deimhniú a d’eisigh Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa lena mbunaítear go bhfuil imréiteach slándála bailí ag duine aonair nó go bhfuil údarú slándála aige a léiríonn an leibhéal FRAE a bhféadfar rochtain air a dheonú don duine aonair sin (CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde), tréimhse bhailíochta an imréitigh nó an údaraithe slándála sin agus dáta éaga an deimhnithe féin;
- (p) ciallaíonn ‘údarás slándála fisiciúil’ Ceann Slándála Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a bheidh freagrach as na bearta agus na nósanna imeachta riachtanacha um shlándáil fhisiciúil a chur chun feidhme chun FRAE a chosaint;
- (q) beidh ‘Oifig na dTaifead’ á riar ag Rúnaíocht na Cúirte, í suite i Limistéar Riaracháin faoi fhreagracht Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Is í atá freagrach as teacht agus imeacht fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED, nó a coibhéis, a dhéantar a mhalartú le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- (r) Is limistéar a bhunófar laistigh de Limistéar Daingnithe a bheidh i gceist le ‘Clárlann le haghaidh FRAE’. Is Oifigeach Rialaithe Chlárlann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, oifigeach a mbeidh imréiteach slándála agus údarú aige, a dhéanfaidh bainistiú ar an gClárlann sin. Is í an Chlárlann atá freagrach as teacht agus imeacht faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, nó a coibhéis, a dhéantar a mhalartú le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

(s) ciallaíonn ‘Údarás um Chreidiúnú Slándála’ Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Airteagal 3. Bearta chun FRAE a chosaint

- (1) Áiritheoidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa cosaint na faisnéise rúnaicmithe uile a sholáthraítear di ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an leibhéal rúnaicmithe a bhí bunaithe ag an tionscnóir, agus i gcomhréir leis an gCinneadh seo.
- (2) Chuige sin, cuirfidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa láimhseáil FRAE faoi réir beart slándála fisiciúil, agus faoi réir beart slándála pearsanra, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear údaruithe rochtana le haghaidh na ndaoine sainaitheanta agus bearta maidir le córais chumarsáide agus faisnéise a chosaint. Déantar cur síos ar na bearta sin in Airteagail 4 go 6 agus beidh feidhm acu i gcaitheamh shaolré FRAE. Beidh siad i gcomhréir le rúnaicmiú slándála an FRAE, le cineál agus méid na faisnéise nó an ábhair, le láthair agus foirgníocht na mbunaíochtaí ina gcoinnítear FRAE, agus leis an mbagairt ó ghníomhaíocht mhailíseach agus/nó choiriúil, arna meas go háitiúil, lena n-áirítear spaireacht, sabaitéireacht agus sceimhlitheoireacht.
- (3) Déanfar FRAE a chosaint le bearta slándála fisiciúla, agus déanfar faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde a chosaint le bearta um shlándáil phearsanra freisin.
- (4) Is do dhaoine laistigh den institiúid a bhfuil riachtanas eolais acu, amháin, a fhéadfar FRAE a sholáthar. Caithfidh sealbhóir a bhfuil mír ar bith FRAE ina sheilbh aige í a chosaint mar a cheanglaítear faoin gCinneadh seo.
- (5) Ní ceart FRAE a nochtadh ó bhéal ná i scríbhinn. Ní ceart FRAE ná tagairtí do FRAE ná sleachta as a bheith i réamhbharúlacha Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ná i dtuarascálacha, tuairimí, preasráitis agus táirgí eile na Cúirte, ar a suíomh gréasáin ná ar a hinlíon, in idirghabhálacha ó bhéal uathí, i bhfreagraí ar iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid³ ná i dtaifid ghutha nó físe. Mar sin féin, i gcás inar fhoilsigh an tionscnóir doiciméid nó faisnéis ina bhfuil tagairt do FRAE, féadfar an tagairt sin a thabhairt.
- (6) D’ainneoin mhír 5, d’fhéadfadh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an tionscnóir comhaontú, i gcás iniúcháireacht ar leith, go bhféadfadh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa eilimintí FRAE a atáirgeadh nó a úsáid i ndoiciméad. I gcás den chineál sin, díreofar doiciméad sin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an gcéad dul síos ar thionscnóir an FRAE atá i gceist roimh nós imeachta na sáraíochta nó lena linn. Comhaontóidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an tionscnóir sa chás sin ar cheart an doiciméad a d’eisigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a rúnaicmiú. I gcás ina measann Comhalta tuairiscithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa gur den riachtanas é tuarascáil iniúcháireachta a chur in iúl do sheolaithe áirithe i bParlaimint na hEorpa nó sa Chomhairle, ar tuarascáil í a rúnaicmíodh go hiomlán nó go páirteach – agus na bearta slándála uile a ghabhann leis an gCinneadh seo á gcur san áireamh – caithfear cead a fháil ó thionscnóir na faisnéise rúnaicmithe chuige sin. Leagtar amach in Airteagal 7 an creat dlíthiúil agus an nós imeachta maidir le doiciméid den sórt sin a mhalartú.
- (7) I gcás ina gceanglaítear le feidhmiú shainordú Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go ndéanfar comhroinnt níos forleithne ar eilimintí áirithe de dhoiciméad rúnaicmithe nó d’fhaisnéis rúnaicmithe, rachaidh an Chúirt Iniúchóirí i gcomhairle leis an tionscnóir, ag tabhairt aird chuí ar an marcáil rúnaicmithe slándála, sula ndéanfaidh sí cinneadh faoi na heilimintí nó faoin bhfaisnéis sin a úsáid, má mheasann sí go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann déanamh amhlaidh.

³ De bhun Chinneadh Uimh. 12-2005 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid na Cúirte, arna leasú le Cinneadh Uimh. 14-2009 ([IO 2009/C 67/1](#)).

Ní úsáidfean an fhaisnéis sa tuarascáil ach ar bhealach nach ndéanfaidh dochar do leas an tionscnóra. D'fhéadfaí é sin a choimirciú ar bhealach iomchuí trína iarraidh ar an tionscnóir barúlacha a sholáthar chun teacht ar chomhréiteach faoin tslí leis an bhfaisnéis a anaithnidiú, a chomhdhlúthú nó a ghinearálú, etc. agus leas na ndaoine sin is mó a mbaineann an fhaisnéis fhoilsithe leo a urramú ag an am céanna.

- (8) Ní dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa FRAE a sholáthar d'institiúid, gníomhaireacht, comhlacht nó oifig AE eile, do Bhallstát, tríú Stát nó eagraíocht idirnáisiúnta gan dul i gcomhairle leis an tionscnóir roimh ré agus a thoiliú sainráite i scríbhinn a fháil.
- (9) Féadfar doiciméid a mbaineann rúnaicmiú SECRET UE / EU SECRET leo a mhacasamhlú nó a aistriú arna iarraidh sin don sealbhóir agus i gcomhlíonadh threoracha oibre praiticiúla an údaráis um shlándáil faisnéise i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa, ach amháin i gcás ina bhfuil srianta maidir lena mhacasamhlú nó a aistriú leagtha síos ag tionscnóir an doiciméid. Na bearta slándála is infheidhme maidir leis an mbundoiciméad, beidh siad infheidhme maidir le cóipeanna agus aistriúcháin de freisin
- (10) I gcás inar gá do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa doiciméad rúnaicmithe atá faighte aici nó a bhfuil údarás aici rochtain a fháil air a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú, rachaidh an Chúirt i gcomhairle leis an tionscnóir féachaint an bhféadfadh sé leagan íosghrádaithe den doiciméad, nó leagan a scaoileadh ó rúnaicmiú, a chur ar fáil.

Airteagal 4. Slándáil phearsanra

- (1) Beidh Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa údaraithe, de bhua a bhfeidhmeanna, chun rochtain a bheith acu ar an FRAE uile agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe ina ndéantar FRAE a láimhseáil. Cuirfean a n-oibleagáidí slándála in iúl do na Comhaltaí maidir le FRAE a chosaint agus admhóidh siad a bhfreagracht i scríbhinn maidir le faisnéis den sórt sin a chosaint.
- (2) Ní thabharfar rochtain ar FRAE do bhall foirne Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, bíodh sé ina oifigeach, ina bhall foirne faoi réir Choinníollacha Fostaíochta na Seirbhíseach eile, nó ina SNI go dtí go ndéanfar an méid seo a leanas:
 - i. a bhonn riachtanais eolais a bhunú;
 - ii. na rialacha slándála maidir le FRAE a chosaint agus na caighdeáin agus na treoirlínte slándála ábhartha a chur in iúl dó, agus a fhreagracht as faisnéis den sórt sin a chosaint arna admháil aige i scríbhinn; agus
 - iii. i gcás faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, go mbeidh imréiteach slándála aige agus é údaraithe chun rochtain a fháil uirthi.
- (3) Maidir leis an nós imeachta chun a bhunú an féidir oifigeach nó comhalta eile d'fhoireann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a údarú chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, ag cur san áireamh dílseacht, sláine agus iontaofacht an duine aonair agus tar éis dearbhú a fháil ó údaráis inniúla Ballstáit amhail dá dtagraítear in Airteagal 2(n), déanfar é a leagan síos i gcinneadh tarmiligthe a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 10(10). Is é Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a ghlacfaidh cinntí chun údarú rochtana a thabhairt.
- (4) Féadfaidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Deimhniú ar Imréiteach Slándála Pearsanra (PSCC) a eisiúint ina saineofar an leibhéal rúnaicmithe ar a dtabharfar rochtain ar FRAE (CONFIDENTIEL UE / EU CONFIDENTIAL nó níos airde) do dhaoine aonair, tréimhse bhailíochta an údaraithe chomhfhreagraigh ar rochtain agus dáta éaga an PSCC.

- (5) Is daoine a mbeidh an t-údarú dá dtagraítear i mír 2(iii) thuas acu, amháin, agus Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun mhír 1 thuas a fhéadfaidh a bheith páirteach i gcruinnithe a mbeidh faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde á láimhseáil iontu. Is ar bhonn cás ar chás a dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an tionscnóir na socrúithe praiticiúla le haghaidh na gcruinnithe sin.
- (6) Déanfaidh ranna riaracháin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá freagrach as cruinnithe a eagrú a bhfuil faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde le láimhseáil iontu, dátaí na gcruinnithe, na hamanna agus na láithreacha, mar aon le liostaí na rannpháirtithe, a chur in iúl don údarás um shlándáil faisnéise in am agus i dtráth.
- (7) Caithfidh aon duine aonair a mbeidh FRAE ina sheilbh aige gan an t-údarú iomchuí agus/nó gan cruthúnas ar bhonn riachtanais eolais aige, an scéal sin a chur in iúl don údarás um shlándáil faisnéise a luaithe is féidir agus a áirithiú go ndéantar an FRAE a chosaint mar a cheanglaítear leis an gCinneadh seo.

Airteagal 5. Bearta slándála fisiciúla chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint

- (1) ciallaíonn ‘slándáil fhisiciúil’ bearta cosanta fisiciúla agus teicniúla a úsáid chun rochtain neamhúdaraithe ar FRAE a chosc.
- (2) Dearfar na bearta slándála fisiciúla d’fhonn cosc ar ionróir a dhéanfaidh iontráil faoi cheilt nó briseadh isteach, d’fhonn gníomhaíochtaí neamhúdaraithe a dhíspreagadh, bac a chur orthu agus iad a bhrath, agus d’fhonn an fhoireann a dheighilt i dtaca lena rochtain ar FRAE ar bhonn riachtanais eolais. Déanfar na bearta sin a chinneadh ar bhonn nós imeachta um bainistiú riosca, i gcomhréir leis an gCinneadh seo.
- (3) Déanfaidh údarás slándála inniúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa cigireacht rialta ar na limistéir ina mbeidh FRAE á láimhseáil nó á stóráil.
- (4) Maidir le FRAE a láimhseáil agus a stóráil ní úsáidfear ach trealamh nó sásraí a chomhlíonfaidh na rialacha is infheidhme sna hinstiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí Aontais chun FRAE a chosaint.
- (5) Féadfaidh foireann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa rochtain a fháil ar FRAE a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, nó a choibhéis, i Limistéir Dhaingnithe taobh amuigh d’áitribh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- (6) Féadfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa comhaontú ar leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích le hinstiúid Aontais eile i Lucsamburg chun bheith in ann faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde a láimhseáil agus a stóráil i Limistéar Daingnithe den instiúid sin. Ní dhéanfar an FRAE sin a láimhseáil ná a stóráil in áitreabh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa gan an tionscnóir é sin a chomhaontú go sonrach, agus ní dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an FRAE sin a mhacasamhlú ná a aistriú.
- (7) Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a fhaightear a thairfeadh. Clárófar chun críocha slándála aon cheadú faisnéise a dhéantar lasmuigh d’áitreabh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcás faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, nó a choibhéis.
- (8) Féadfar FRAE a mbaineann an rúnaicmiú RESTREINT UE/EU RESTRICTED leis a stóráil i dtoscán oifige oiriúnach, faoi ghlais, i Limistéar Riaracháin nó i Limistéar Daingnithe. Maidir le FRAE a mbaineann an rúnaicmiú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET leis,

déanfar é a stóráil, faoi chomhaontú ar leibhéal seirbhíse, i gcoimeádán slándála i Limistéar Daingnithe d'institiúid eile Aontais i Lucsamburg.

- (9) Is mar seo a leanas a dhéanfar FRAE a aistriú idir ranna riaracháin agus áitribh agus é lasmuigh den chlárann:
- (a) tarchuirfear FRAE go ginearálta le modhanna leictreonacha a bheidh á gcosaint ag táirgí cripteagrafacha arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 6(8);
- (b) I gcás nach ar an modh a bhfuil cur síos air i bpointe (a) a dhéantar an tarchur, is le hiompróir sonraí (e.g. cipín cuimhne USB, CD, diosca crua) agus é á chosaint ag táirgí cripteagrafacha a bheidh formheasta i gcomhréir le hAirteagal 6(8) a dhéanfar FRAE a tharchur, nó mar chóip pháipéir i gclúdach teimhneach séalaithe.
- (10) Féadfaidh sealbhóir fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED í a dhíothú, faoi réir na rialacha um chartlannú is infheidhme i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa. Is Oifigeach Rialaithe na Clárlainne, amháin, a dhéanfaidh faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, a dhíothú, nuair a thugann an sealbhóir nó údarás inniúil treoracha amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha um chartlannú is infheidhme i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa. Maidir le doiciméid a mbaineann an rúnaicmiú SECRET UE/EU SECRET leo, déanfar an díothú i láthair finné a mbeidh imréiteach slándála aige a fhreagróidh ar a laghad do leibhéal rúnaicmithe an doiciméid a bheidh le díothú. Déanfaidh Oifigeach Rialaithe na Clárlainne agus an finné, i gcás ina gceanglaítear finné a bheith i láthair, taifead díothaithe a shíniú a chomhdófar sa chlárann. Coinneoidh Oifigeach Rialaithe na Clárlainne na taifid maidir le díothú doiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET go ceann cúig bliana ar a laghad.
- (11) Déanfaidh an t-údarás um shlándáil fhisiciúil agus an t-údarás um shlándáil faisnéise comhphlean a tharraingt suas, ag cur dálaí áitiúla san áireamh, maidir le FRAE a choimirciú in am géarchéime, lena n-áirítear pleananna maidir lena dhíothú nó lena aslonnú i gcás práinne nuair is gá sin. Eiseoidh siad cibé treoracha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí chun FRAE a chosaint ar thitim faoi urláimh daoine neamhúdaraithe.
- (12) I gcás ina mbeidh sé riachtanach FRAE a iompar go fisiciúil, comhlíonfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na bearta a bheidh leagtha síos ag an tionscnóir chun é a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe le linn iompair.
- (13) Leagtar amach san Iarscríbhinn na bearta slándála fisiciúla a fheidhmeofar i Limistéir Riaracháin ina mbeidh faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED á láimhseáil agus á stóráil.

Airteagal 6. FRAE a chosaint i gcórais chumarsáide agus faisnéise

- (1) Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'córas cumarsáide agus faisnéise' aon chóras lena gcumasaítear FRAE a láimhseáil i bhfoirm leictreonach. Is é a bheidh i gcóras cumarsáide agus faisnéise, na sócmhainní uile a bheidh riachtanach chun go bhféadfaidh sé oibriú, lena n-áirítear acmhainní bonneagair, eagrúcháin, pearsanra agus faisnéise.
- (2) ciallaíonn 'úsáideoir dleathach' Comhalta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, oifigeach, ball foirne eile nó saineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI) a bhfuil riachtanas bunaithe agus aitheanta aige chun rochtain a fháil ar chóras faisnéise sonrach.
- (3) Tabharfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dearbhú go gcuirfidh a córais leibhéal iomchuí cosanta ar fáil don fhaisnéis a bheidh á láimhseáil acu, agus go bhfeidhmeoidh siad mar is gá, nuair is gá dóibh, faoi smacht úsáideoirí dleathacha. Chuige sin, ráthóidh siad leibhéil iomchuí díobh seo a leanas:

- barántúlacht: ráthaíocht gur faisnéis í atá dílis agus a thagann ó fhoinsí *bona fide*;
- infhaighteacht: gur faisnéis inrochtana agus inúsáidte í arna iarraidh sin d'eintiteas údaraithe;
- rúndacht: nach ndéantar faisnéis a nochtadh do dhaoine aonair neamhúdaraithe, nó d'eintitis nó próisis neamhúdaraithe;
- sláine: go ndéantar cruinneas agus iomláine shócmhainní agus faisnéise a choimirciú;
- neamshéanadh: bheith in ann a chruthú gur tharla gníomhaíocht áirithe nó gur bh ann d'ócáid, ionas nach féidir an gníomhaíocht nó an ócáid a shéanadh ina dhiaidh sin.

Bunófar an dearbhú sin ar phróiseas bainistíochta riosca. ciallaíonn 'riosca' an fhéidearthacht go dtiocfaidh bagairt áirithe i dtír ar leochaileachtaí inmheánacha agus seachtracha eagraíochta nó aon cheann de na córais a bhíonn in úsáid aici agus go ndéanfaidh sí dochar ar an gcaoi sin don eagraíocht agus dá sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe. Déantar é a thomhas mar theaghlaim den dóchúlacht go dtarlóidh bagairtí agus dá dtionchar. Beidh na céimeanna seo a leanas sa phróiseas bainistithe rioscaí: bagairtí agus leochaileachtaí a aithint, measúnú riosca, cóireáil riosca, glacadh le riosca agus cumarsáid maidir le riosca.

- ciallaíonn 'measúnú riosca' bagairtí agus leochaileachtaí a aithint agus an anailís chomhfhreagrach riosca a dhéanamh, i.e. dóchúlacht agus tionchar a mheas.
- ciallaíonn 'cóireáil riosca' riosca a mhaolú, a bhaint, a laghdú (trí theaghlaim iomchuí de bhearta teicniúla, fisiciúla, eagraíochtúla nó nós imeachta) nó a aistriú nó faireachán a dhéanamh air.
- ciallaíonn 'glacadh le riosca' an cinneadh a dhéanamh a aontú go bhfuil riosca iarmharach ann i gcónaí tar éis cóireála riosca.
- ciallaíonn 'riosca iarmharach' an riosca arb ann dó tar éis bearta slándála a chur chun feidhme, ag cur san áireamh nach féidir na rioscaí uile a chosc agus nach féidir deireadh a chur leis na leochaileachtaí uile;
- ciallaíonn 'cumarsáid maidir le riosca' feacht faoi rioscaí a mhúscailt i measc pobail úsáideoirí córais cumarsáide agus faisnéise, na rioscaí sin a chur in iúl d'údarais formheasa agus na rioscaí a thuairisc d'údarais oibriúcháin.

- (4) Beidh na sásraí leictreonacha agus an trealamh uile a úsáidtear chun FRAE a láimhseáil ag comhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le FRAE a chosaint. Tabharfar tús áite do shásraí leictreonacha agus trealamh a bheidh creidiúnaithe cheana féin ag institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht eile AE. Ráthófar na sásraí chun a bheith slán ar feadh a saolré iomláine.
- (5) Déanfaidh údarás iomchuí córas cumarsáide agus faisnéise Chúirt Iniúchóirí na hEorpa um láimhseáil FRAE a chreidiúnú. Chuige sin, lorgóidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le húdarás um chreidiúnú slándála institiúide Aontais a mbeidh ar a chumas creidiúnú a dhéanamh ar Chóras Cumarsáide agus Faisnéise a láimhseálann FRAE, d'fhonn ráiteas creidiúnúcháin a fháil maidir le faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a d'fhéadfadh a bheith á láimhseáil ag Córas Cumarsáide agus Faisnéise Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na téarmaí agus coinníollacha comhfhreagracha maidir lena oibriú. Déanfar tagairt sa Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse do na caighdeáin a bheidh le cur i bhfeidhm maidir leis an bpróiseas creidiúnúcháin freisin agus tabharfar i gcrích é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10(3).
- (6) I gcás go gcaithfidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa próiseas creidiúnúcháin dá cuid féin a bhunú dá Córas Cumarsáide agus Faisnéise, bunófar an próiseas le cinneadh tarmligthe, amhail dá dtagraítear in airteagal 10(10) den chinneadh seo, i gcomhréir leis na caighdeáin maidir leis an bpróiseas creidiúnúcháin maidir le Córais Chumarsáide agus Faisnéise a mbíonn FRAE á láimhseáil acu in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Aontais.
- (7) Is ar Úinéir Córais an Chórais Cumarsáide agus Faisnéise a bheidh an fhreagracht uile as na comhaid agus doiciméid chreidiúnúcháin a ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme.

- (8) I gcás ina ndéantar FRAE a chosaint le táirgí cripteagrafacha, tabharfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tosaíocht do tháirgí a mbeidh formheas na Comhairle nó Ardrúnaí na Comhairle acu agus an Chomhairle ag feidhmiú mar údarás um fhorghnóthú táirgí cripteagrafacha, nó a mhalairt, dóibh siúd a mbeidh formheas institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE acu chun FRAE a chosaint.
- (9) Ní dhéanfar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil ach ar shásraí leictreonacha (amhail stáisiúin oibre, printéirí, fótachóipeálaithe) a bheidh suite i Limistéar Riaracháin nó i Limistéar Daingnithe. Déanfar gléasanna leictreonacha a láimhseálann faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a dheighilt ó líonraí ríomhairí eile agus cosnófar iad trí bhearta fisiciúla agus teicniúla iomchuí.
- (10) Déanfaidh foireann uile Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a mbeidh baint acu le dearadh, forbairt, tástáil, oibriú, bainistiú nó úsáid an Chórais Cumarsáide agus Faisnéise chun FRAE a láimhseáil an tOifigeach um Shlándáil Faisnéise a chur ar an eolas maidir le laigí slándála féideartha, teagmhais, sárúithe slándála nó cur i gcontúirt a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chosaint an Chórais Cumarsáide agus Faisnéise agus/nó an FRAE a choinnítear ann.

Airteagal 7. Nós imeachta chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus an rochtain uirthi a chumasú

- (1) i gcás ina gceanglaítear orthu é a dhéanamh de bhua na gConarthaí nó na ngníomhartha dlíthiúla a ghlactar ar bhonn na gConarthaí, déanann institiúidí, gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus oifigí AE agus na húdaráis náisiúnta ar a dtionscnamh féin nó ar iarratas i scríbhinn ón Uachtarán, ón gComhalta tuairiscithe nó ó na Comhaltaí tuairiscithe nó ón Ardrúnaí rochtain ar FRAE a chur ar fáil do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de réir an nós imeachta seo a leanas:
- (2) Seolfar na hiarrataí ar rochtain chuig na hinstitiúidí lena mbaineann trí oifig na dTaifead de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.
- (3) Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa socrú riaracháin a thabhairt i gcrích i gcás inar gá lena gcumhdófar na gnéithe praiticiúla maidir le FRAE nó faisnéis choibhéiseach a mhalartú.
- (4) Chun socruithe riaracháin den sórt sin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an fhaisnéis riachtanach uile faoina córas slándála faisnéise a sholáthar don tionscnóir. Féadfar cuairt mheasúnuithe a eagrú, más gá.
- (5) Déanfar na socruithe riaracháin sin a thabhairt i gcrích i lánchomhlíonadh phrionsabail na tabhartha agus an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tabharfar i gcrích iad i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10(4).
- (6) Sa chás nach ann do shocrú riaracháin le hinstitiúid, comhlacht nó gníomhaireacht AE ar leith, nó le tríú Stát nó Eagraíocht Idirnáisiúnta ar leith maidir le faisnéis rúnaicmithe a sholáthar do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, síneoidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ráiteas gealltanais an fhaisnéis rúnaicmithe a gheobhaidh sí a chosaint.

Airteagal 8. Sárú slándála, faisnéis rúnaicmithe a chailleadh nó a chur i gcontúirt

- (1) Ciallaíonn sárú slándála gníomh nó neamhghníomh ó dhuine aonair atá contrártha do na rialacha slándála a leagtar síos sa Chinneadh seo agus ina chuid rialacha cur chun feidhme.
- (2) Bíonn cur i gcontúirt ann i gcás inar tharla, mar thoradh ar shárú slándála, go ndearnadh FRAE a nochtadh go hiomlán nó go páirteach do dhaoine neamhúdaráithe.

- (3) Déanfar aon sárú slándála nó sárú slándála braite a thuairisciú láithreach d'údarás um shlándáil faisnéise Chúirt Iníúcháirí na hEorpa.
- (4) I gcás inarb eol, nó a bhfuil forais réasúnacha ann glacadh leis, go ndearnadh FRAE a chur i gcontúirt nó a chailleadh, cuirfidh an t-údarás um shlándáil faisnéise é sin in iúl do Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta agus Ardrúnaí Chúirt Iníúcháirí na hEorpa. Cuirfidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta é sin in iúl d'Údarás Slándála an tionscnóra faoi seach, láithreach. Tionólfaidh Stiúrthóir thuasluaite Chúirt Iníúcháirí na hEorpa imscrúdú, agus cuirfidh sé Ardrúnaí Chúirt Iníúcháirí na hEorpa agus Údarás um Shlándáil an tionscnóra ar an eolas faoi na torthaí agus faoi na bearta a glacadh chun nach dtarlóidh sé arís. I gcás ina mbainfeadh sé le Comhalta de Chúirt Iníúcháirí na hEorpa, is é Uachtarán Chúirt Iníúcháirí na hEorpa a bheidh freagrach as gníomhú i gcomhar le hArdrúnaí Chúirt Iníúcháirí na hEorpa.
- (5) Dlífear na pionóis dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais a chur ar aon oifigeach nó ball foirne eile de Chúirt Iníúcháirí na hEorpa a bheidh freagrach as sárú a dhéanamh ar na rialacha slándála a leagtar síos sa Chinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme.
- (6) Dlífear na bearta agus na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 286(6) den Chonradh a chur ar aon Chomhalta de Chúirt Iníúcháirí na hEorpa a mhainníonn téarmaí an Chinnidh seo a chomhlíonadh.
- (7) D'fhéadfadh aon duine aonair atá freagrach as FRAE a chailleadh nó a chur i gcontúirt a bheith faoi dhliteanas beart araíonachta agus/nó caingean dlí i gcomhréir leis na dlíthe, rialacha agus rialacháin is infheidhme.

Airteagal 9. Slándáil i gcás idirghabháil sheachtrach

- (1) Féadfaidh Cúirt Iníúcháirí na hEorpa comhlíonadh cúraimí a bhaineann le rochtain ar FRAE nó a éilíonn rochtain ar FRAE, de bhua a gconartha, a chur ar iontaoibh conraitheoirí atá cláraithe i mBallstát. D'fhéadfadh sé tarlú go háirithe i dtaca le cothabháil a dhéanamh ar chórais chumarsáide agus faisnéise nó ar an líonra ríomhairí.
- (2) I gcás idirghabháil sheachtrach, glacfaidh Cúirt Iníúcháirí na hEorpa na bearta slándála riachtanacha uile dá dtagraítear i mír 3 den airteagal seo lena n-áirítear imréiteach slándála saoráide a iarraidh chun a áirithiú go mbeidh FRAE á chosaint ag na hiarrthóirí agus tairgeoirí fad a mhairfidh nós imeachta tairisceana agus soláthair, agus ag na conraitheoirí agus fochonraitheoirí ar feadh théarma conartha. Áiritheoidh an t-údarás conarthach, maidir leis na híoschaighdeáin slándála dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, go luafar i gconarthaí iad chun oibleagáid a chur ar chonraitheoirí iad a chomhlíonadh.
- (3) Beidh na rialacha slándála, nósanna imeachta soláthair, agus teimpléid agus múnlaí do chonarthaí agus fochonarthaí a mbaineann rochtain ar FRAE leo, fógraí conartha, treoraíocht maidir leis na himthosca ina gceanglaítear imréiteach slándála saoráide agus foirne, treoracha slándála cláir nó tionscadail, litreacha maidir le gnéithe slándála, cuairteanna agus FRAE a bheith á tharchur agus á iompar faoi chonarthaí agus fochonarthaí den sórt sin, beidh an méid sin uile i gcomhréir leis na rialacha, teimpléid agus múnlaí atá bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach do chonarthaí rúnaicmithe i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a chosaint.

Airteagal 10. An Cinneadh a chur chun feidhme agus Freagrachtaí gaolmhara

- (1) Glacfaidh ranna riaracháin Chúirt Iniúcháirí na hEorpa na bearta riachtanacha uile, faoi raon feidhme a bhfreagrachta, chun a áirithiú, le linn FRAE nó aon fhaisnéis rúnaicmithe eile a bheith á láimhseáil nó á stóráil, go bhfeidhmeoidh siad an Cinneadh seo agus na rialacha cur chun feidhme ábhartha.
- (2) Is é an tArdrúnaí an t-údarás ceapacháin agus an t-údarás a mbeidh de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích maidir le hoifigigh agus an fhoireann eile uile. Féadfaidh an tArdrúnaí freagracht a tharmligean chuig an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta as údarú chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, a thabhairt d'oifigigh agus foireann eile i bhfeidhmiú a fheidhme mar Údarás um Chreidiúnú Slándála chun maoirseacht a dhéanamh ar Rúnaíocht na Cúirte i dtaca le FRAE a láimhseáil.
- (3) Beidh an tArdrúnaí inniúil ar Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a thabhairt i gcrích maidir le creidiúnú threalamh agus chórais chumarsáide agus faisnéise Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, maidir le Limistéar Daingnithe in institiúid eile AE a úsáid agus an nós imeachta maidir le hiarrataí ar imréiteach slándála pearsanta chun rochtain a fháil ar FRAE.
- (4) Beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta inniúil ar shocruithe riaracháin a thabhairt i gcrích le hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE maidir le FRAE a mhalartú, a mbeidh gá ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa leis chun a shainordú a chomhall. Féadfaidh an Stiúrthóir socruithe riaracháin a thabhairt i gcrích le tríú Stáit nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta freisin maidir le haon fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear a chosaint.
- (5) Beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta inniúil ar aon ráiteas gealltanais a shíniú chun an FRAE a bheidh le soláthar i gcomhthéacs scaoileadh eisceachtúil *ad hoc* a chosaint.
- (6) Gníomhóidh Oifigeach um Shlándáil Faisnéise Chúirt Iniúcháirí na hEorpa mar údarás um shlándáil faisnéise. Beidh imréiteach slándála iomchuí ag an Oifigeach um Shlándáil Faisnéise agus ag na daoine a dtarmligeann siad a gcúraimí go hiomlán nó go páirteach chucu. Rachaidh an t-údarás um shlándáil faisnéise i mbun a fhreagrachtaí i ndlúthchomhar leis an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta, an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis, Láthair Oibre agus Nuáil agus Stiúrthóireacht an Choiste um Rialú Cáilíochta Iniúcháireachtaí (féach go háirithe Airteagail 4, 6 agus 8). Beidh an t-údarás um shlándáil faisnéise freagrach freisin as cruinnithe oiliúna agus ardaithe feasachta maidir le slándáil faisnéise, agus as cigireachtaí tréimhsiúla chun a fhíorú go gcomhlíontar an Cinneadh seo, lena n-áirítear i gcás go dtarlóidh idirghabháil sheachtrach agus aon bhearta a bheidh le glacadh chun an comhlíonadh a áirithiú.
- (7) Is é an Ceann Slándála a bheidh freagrach as bearta slándála fisiciúla (Airteagal 5 go háirithe).
- (8) Beidh Oifig Taifead a chuirfead ar bun i Rúnaíocht na Cúirte ina pointe isteach-amach i gcás faisnéis a rúnaicmítear mar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED, faisnéis a bhféadfaidh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a mhalartú le hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE agus le Ballstáit. Beidh sí ina pointe isteach-amach maidir le faisnéis choibhéseach tríú Stát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin. Eagrófar Oifig na dTaifead amhail mar a leagtar síos i gcinneadh tarmligthe. Glacfaidh Oifigeach na dTaifead na príomhfhreagrachtaí seo a leanas air féin:
 - a) taifeadadh a dhéanamh ar theacht agus imeacht faisnéise a rúnaicmítear mar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED;

- b) bainistíocht na Limistéar Riaracháin dílsithe ina dtaifeadtar láimhseáil, stóráil agus ceadú FRAE a bhfuil an rúnaicmiú RESTREINT UE/EU RESTRICTED air.
- (9) Cuirfear Clárlann ar bun faoi Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse i dtaca le húsáid an Limistéir Daingnithe in institiúid eile Aontais. Is í an Chlárlann sin agus í á heagrú ag Rúnaíocht na Cúirte faoi fhreagracht Stiúirthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta Chúirt Iniúcháirí na hEorpa an pointe isteach-amach maidir le faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde, faisnéis a d'fhéadfadh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a mhalartú le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Aontais agus le Ballstáit. Beidh sí ina pointe isteach-amach maidir le faisnéis choibhéseach tríú Stát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin. Trealmhófar í le taisceadáin iomchuí agus le trealamh slándála eile a bheidh oiriúnach chun faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde a chosaint. Eagrófar an Chlárlann amhail mar a leagtar síos i gcinneadh tarmligthe. Beidh imréiteach slándála iomchuí ag an Oifigeach um Rialú Clárlainne agus glacfaidh sé na príomhfhreagrachtaí seo a leanas air féin:
- (a) bainistíocht oibríochtaí a bhaineann le FRAE a chlárú, a cheadú, a chaomhnú, a atáirgeadh, a aistriú, a tharchur agus a sheoladh, agus i gcás inarb iomchuí, é a dhíothú;
- (b) glacfaidh sé air féin aon chúraimí eile a bhaineann le FRAE a chosaint, ar cúraimí iad a shainítear i gcinneadh tarmligthe.
- (10) Glacfaidh an Coiste Riaracháin cinneadh tarmligthe ina leagfar síos rialacha cur chun feidhme maidir leis an gCinneadh seo. Bunóidh an tOifigeach um Slándáil Faisnéise treoirínite maidir le slándáil faisnéise. Déanfaidh an Coiste um Rialú Cáilíochta Iniúcháireachtaí treoirínite iniúcháireachta a tharraingt suas.

Airteagal 11. Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Déanta i Lucsamburg, 3 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Cúirte Iniúcháirí

Klaus-Heiner Lehne
Uachtarán

Iarscríbhinn: BEARTA SLÁNDÁLA FISICIÚLA MAIDIR LE LIMISTÉIR RIARACHÁIN I gCOMHAIR FRAE

IARSCRÍBHINN:

BEARTA SLÁNDÁLA FISICIÚLA MAIDIR LE LIMISTÉIR RIARACHÁIN I gCOMHAIR FRAE

- (1) Tugtar rialacha san Iarscríbhinn seo maidir le hAirteagal 5 den Chinneadh a chur chun feidhme. Is rialacha íosta iad maidir le cosaint fhisiciúil na Limistéar Riaracháin i gcomhair faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gCúirt Iníúchóirí na hEorpa: limistéir a ainmnítear chun faisnéis a rúnaicmítear mar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a thaifeadadh, a stóráil agus a cheadú.
- (2) Is chun rochtain neamhúdaráithe ar na Limistéir Riaracháin a chosc atá bearta slándála fisiciúla mar a leanas sna limistéir sin:
 - (a) bunófar imlíne a shaineofar go fisiciúil ionas go bhféadfar daoine aonair a sheiceáil;
 - (b) ní thabharfar rochtain gan tionlacan ach do dhaoine aonair a bheidh údaraithe go cuí ag údarás um shlándáil faisnéise Chúirt Iníúchóirí na hEorpa nó ag údarás inniúil eile; agus
 - (c) déanfar gach duine eile a thionlacan i gcónaí nó beidh siad faoi réir rialuithe coibhéiseacha.
- (3) D'fhéadfadh údarás um shlándáil faisnéise Chúirt Iníúchóirí na hEorpa rochtain a thabhairt do dhaoine neamhúdaráithe ar bhonn eisceachtúil, lena n-áirítear le haghaidh obair a dhéanamh i Limistéar Riaracháin, ar choinníoll nach mbeidh rochtain ar FRAE i gceist – agus fágfar an FRAE faoi ghlas. Ní ligfear na daoine sin isteach ach amháin má tá siad á dtionlacan agus go mbeidh an t-údarás um shlándáil faisnéise nó an tOifigeach um Rialú Taifead ag déanamh maoirseachta orthu i gcónaí.
- (4) Déanfaidh an t-údarás um shlándáil faisnéise nósanna imeachta a leagan síos maidir le bainistiú eochracha agus/nó socrúithe teaglaima i gcás na Limistéar Riaracháin agus an troscáin dhaingnithe uile. Is chun cosaint in aghaidh rochtain neamhúdaráithe a bheidh na nósanna imeachta sin ann.
- (5) Déanfaidh an líon daoine is lú is féidir a mbeidh an riachtanas eolais sin acu na socrúithe teaglaima a chur de ghlanmheabhair. Déanfar na socrúithe teaglaima ar an troscán daingnithe a bheidh in úsáid chun faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a stóráil a athrú:
 - aon uair a gheofar mír nua troscáin dhaingnithe;
 - aon uair a athraíonn an pearsanra a bhfuil an teaglaim ar eolas acu;
 - i gcás inar cuireadh an socrú i gcontúirt nó ina bhraitear go mb'fhéidir gur cuireadh i gcontúirt é;
 - i gcás ina ndearnadh glas a chothabháil nó a dheisiú;
 - gach 12 mhí ar a laghad.
- (6) Is é an t-údarás um shlándáil faisnéise agus an Ceann Slándála a bheidh freagrach as na rialacha seo a chomhlíonadh.